

**Deontas do Sholáthar nó  
Feabhsúchán Riachtanach  
Soláthar Aonair  
Uisce chuig Teach  
Meabhrán Míniúcháin**



Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council

Grant for the Provision or  
Necessary Improvement of an  
Individual Water Supply to a  
House  
Explanatory Memorandum

Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith

This form is also available in large print

Tá míle fáilte an fhoirm seo a líonadh i nGaeilge

**Ginearálta**

**1.1 Is é aidhm an scéim dheontais ná cabhrú le líonta tí a bhraitheann ar sholáthar uisce príobháideach a thabhaíonn caiteachas caipitil chun:**

- soláthar uisce píobaithe a chur ar fáil chun críocha teaghlaigh, nó
- easnaimh mhóra i soláthar uisce atá ann cheana féin chun críocha teaghlaigh a chur ina gceart.

Níl feidhm leis an scéim maidir le tithe a bhfuil scéim phoiblí nó grúpscéim uisce curtha ar fáil cheana féin nó ar féidir a chur ar fáil go réasúnta.

**1.2 Níl oibreacha a cuireadh i gcrích sula ndearna an t-údarás áitiúil cigireacht roimh ré orthu cáilithe faoin scéim.**

**Incháilitheacht**

**2.1 Beidh duine incháilithe do dheontas sa chás -**

(a) go bhfuil soláthar uisce píobaithe á chur ar fáil don chéad uair chuig teach a bhí ann cheana féin, nó

(b) go bhfuil feabhsúcháin á ndéanamh ar sholáthar uisce píobaithe reatha lena mbaineann easnaimh mhóra chuig teach,

gur soláthar é an soláthar uisce atá i gceist agus nach soláthar poiblí nó grúpscéime é. Chun críocha an mheabhráin seo, is scéim é grúpscéim uisce a chuireann soláthar uisce príobháideach ar fáil trí chóras soláthair agus dálte roinnte nó i gcoiteann.

**General**

1.1 The objective of the grant scheme is to assist households dependent on private individual water supplies who are incurring capital expenditure to:

- provide a piped supply of water for domestic purposes, or
- remedy serious deficiencies in an existing supply of water for domestic purposes.

The scheme does not apply to houses to which a public or group scheme water supply has already been provided or can reasonably be provided.

1.2 Works carried out before a prior inspection by the local authority do not qualify under the scheme.

**Eligibility**

2.1 A person is eligible for a grant if he/she is -

(a) providing a piped supply of water to an existing house for the first time, or

(b) carrying out improvements to a seriously deficient existing piped supply of water to a house,

where the supply of water concerned is a supply other than a public or group scheme supply. For the purposes of this memorandum, a group water scheme is a scheme providing a private supply of water by means of a common or shared source of supply and distribution system.

<p><b>2.2. Ní bheidh duine incháilithe do dheontas, sa chás i dtuairim an údarás áitiúil,</b></p> <p>(a) nach bhfuil an t-iarratasóir ag cónaí sa teach mar ghnáth-át chónaithe (e.g. teach saoire).</p> <p>(b) go bhfuil an teach i gceist ceangailte faoi láthair le soláthar uisce poiblí nó grúpscéime,</p> <p>(c) go bhfuil freastal á dhéanamh nó le déanamh ar an gceantar ina bhfuil an teach lonnaithe ag soláthar uisce poiblí nó grúpscéime;</p> <p>(d) go bhfuil an teach i gceist á thógáil nó gur tógadh é le 7 mbliana anuas,</p> <p>e) gur íocadh deontas -</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>– leis an teach i gceist a chur ar fáil, nó</li> <li>– soláthar nó feabhsú ar sholáthar uisce chuig an teach sin,</li> <li>– laistigh den 7 mbliana roimhe sin.</li> </ul> <p><b>Oibreacha cáilitheacha</b></p> <p><b>3.1 Cáileoidh oibreacha faoin scéim sa chás go dtabharfar fúthu chun soláthar uisce chuig teach a chur ar fáil nó a fheabhsú, agus sa chás go mbeidh siad comhdhéanta de cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas –</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>– tobar nua a choimisiúnú nó a dhruileáil,</li> <li>– tobar atá ann cheana a athshlánú, lena n-áirítear toll atá ann cheana a dhéanamh níos doimhne nó a athlínéáil nó siolta a bhaint amach,</li> <li>– soláthar uisce ó fhoinsé uisce dromchla a sholáthar nó a uasghrádú,</li> </ul>	<p>2.2 A person is not eligible for a grant if, in the opinion of the local authority, -</p> <p>(a) the house concerned is not occupied by the applicant as his or her normal place of residence (e.g. a holiday home),</p> <p>(b) the house concerned is at present connected to a public or group scheme water supply,</p> <p>(c) the area in which the house is located is or is about to be served by a public water supply or a group scheme water supply,</p> <p>(d) the house concerned is under construction or has been constructed within the previous 7 years,</p> <p>(e) a grant for -</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>– the provision of the house concerned, or</li> <li>– the provision or improvement of a water supply to that house,</li> <li>– has been paid within the previous 7 years.</li> </ul> <p><b>Qualifying works</b></p> <p>3.1 Works qualify under the scheme where they are undertaken to provide or improve a supply of water for domestic purposes in a house and they consist of one or more of the following -</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>– drilling or commissioning a new well,</li> <li>– rehabilitating an existing well, including deepening or relining an existing bore or the removal of silt,</li> <li>– providing or upgrading a supply of water from a surface water source,</li> </ul>
--	---

<ul style="list-style-type: none"> <li>– teach caidéil, píobaí nó saoráidí eile maidir le soláthar uisce a thógáil nó a fheabhsú,</li>   <li>– soláthair nó feabhsú trealamh nó saoráidí meicniúil nó leictreach maidir le soláthar uisce, nó</li>   <li>– saoráidí nó trealamh chun uisce a chóireáil a sholáthar nó a fheabhsú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>– the construction or improvement of a pumphouse, piping or other facilities in connection with the supply of water</li> <li>– the provision or improvement of mechanical or electrical equipment or facilities in connection with the supply of water, or</li> <li>– the provision or improvement of facilities or equipment for the treatment of water.</li> </ul>
<p><b>3.2 Ní cháileoidh oibreacha sa chás, i dtuairim an údaráis áitiúil,</b></p>	<p>3.2 Works do not qualify where, in the opinion of the local authority,</p>
<p>(a) go bhfuil costas údaraithe acu atá níos lú ná €634.86,</p>	<p>(a) they have an approved cost of less than €634.86,</p>
<p>(b) go sáróidh na hoibreacha beartaithe an méid a bheidh de dhíth chun soláthar dóthanach uisce chun críocha teaghlaigh a chinntiú,</p>	<p>(b) the proposed works exceed what would be required to secure an adequate supply of water for domestic purposes,</p>
<p>(c) go mbaineann siad le pluiméireacht a shuiteáil nó a fheabhsí i detach.,</p>	<p>(c) they relate to the installation or improvement of plumbing inside a house,</p>
<p>(d) go mbaineann siad le soláthar uisce a sholáthar nó a uasghrádú chun críocha neamhtheaghlaigh,</p>	<p>(d) they relate to the provision or up-grading of a supply of water for non-domestic purposes,</p>
<p>(e) go ndéantar iad sula dtarlaíonn cigireacht roimh ré an údaráis áitiúil.</p>	<p>(e) they are carried out before the local authority's prior inspection takes place.</p>
<p><b>Cigireacht Roimh Ré</b></p>	<p><b>Prior Inspection</b></p>
<p><b>4.1 Déanfaidh an t-údarás áitiúil cigireacht roimh ré d'fhonn</b></p>	<p>4.1 The local authority will carry out a prior inspection to</p>
<p>- incháilitheacht agus cibé an gcáilíonn na hoibreacha beartaithe a chinneadh, agus</p>	<p>- determine eligibility and whether the proposed works qualify, and</p>
<p>- i gcás iarratais a bhaineann le soláthar atá ann cheana a fheabhsú, a chinneadh cibé an bhfuil easnaimh mhóra sa soláthar sin.</p>	<p>- in the case of an application relating to the improvement of an existing supply, determine whether such supply is seriously deficient.</p>
<p><b>Sa chás nach bhfuil an t-iarratasóir in ann, ag tráth an iarratas, mionsonraí iomlána a chur ar fáil maidir leis na hoibreacha beartaithe (mar shampla, i gcás tobair nua), dearbhóidh an t-údarás cibé an bhfuil an t-iarratasóir i dteideal deontais nó nach bhfuil, agus sin amháin.</b></p>	<p>Where the applicant is not, at the time of application, able to provide full details of the proposed works (for example, in the case of a new well), the local authority will only confirm whether or not the applicant is eligible for a grant.</p>

<p><b>4.3 Beidh ar an iarratasóir trí mheastachán a chur ar fáil maidir leis na hoibreacha go léir le go gcinnfidh an tÚdarás cé hé an conraitheoir is oriúnaí.</b></p>	<p>4.3 The applicant will be required to submit three quotations for all works for the Authority to determine the most appropriate contractor.</p>
<p><b>4.4 Breithneoidh an t-údarás cibé an gcáilíonn na hoibreacha i gceist agus cinnfidh costas ceadaithe agus méid an deontais, nuair a chuirfear mionsonraí iomlána faoi na hoibreacha ar fáil.</b></p>	<p>4.4 The authority will consider whether the relevant works qualify, and determine an approved cost and amount of grant, when full details of such works are provided.</p>
<p style="text-align: center;"><b><u>Costas Ceadaithe</u></b></p>	<p style="text-align: center;"><b><u>Approved Cost</u></b></p>
<p><b>5.1 An t-údarás áitiúil a chinneann an costas ceadaithe, an méid is bunús le méid an deontais. Meastachán atá ann ar chostas réasúnach oibreacha cáilitheacha.</b></p>	<p>5.1 The approved cost, the amount on the basis of which the amount of grant is calculated, is determined by the local authority. It is an estimate of the reasonable cost of qualifying works.</p>
<p><b>Méid an deontais</b></p> <p><b>6.1 Is éard a bheidh i méid an deontais -</b></p>	<p><b>Amount of grant</b></p> <p>6.1 The amount of a grant will be -</p>
<p><b>(a) 75% den chostas ceadaithe (nó, más cuí, an costas ceadaithe athbhreithnithe (féach alt 10.2 agus alt 10.3)), nó</b></p>	<p>(a) 75% of the approved cost (or, where appropriate, the revised approved cost (paragraphs 10.2 and 10.3 refer)), or</p>
<p><b>(b) €2,031.58 (Déanfaidh an t-údarás áitiúil na costais ábhartha do shamplál uisce a asbhaint ón méid seo).</b> cibé acu is ísle.</p>	<p>(b) €2,031.58 (The local authority will deduct the relevant costs for water sampling from this amount). whichever is the lesser.</p>
<p><b>Deimhniú ar Chead Sealadach</b></p> <p><b>7.1 I gcás go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag an údarás áitiúil -</b></p>	<p><b>Certificate of Provisional Approval</b></p> <p>7.1 Where the local authority has -</p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>- cigireacht roimh ré a dhéanamh chun a shástachta, agus</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- carried out a prior inspection to its satisfaction, and</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>- den tuairim go bhfuil an t-iarratasóir incháilithe, go bhfuil na hoibreacha beartaithe incháilithe agus go bhfuiltear ag comhlíonadh leis na téarmaí agus coinníollacha uilig eile den scéim, agus</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- determined that the applicant is eligible, the proposed works qualify, and all other terms and conditions of the scheme are complied with, and</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>- an costas ceadaithe agus méid an deontas cinntithe.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- determined the approved cost and the amount of grant.</li> </ul>

## Oibreacha a chur i gcrích

**8.1 Is féidir tosú ar na hoibreacha i gceist i ndiaidh Deimhniú ar Chead Sealadach a bheith faigte.**  
**Ní mór do chonraitheoir a bheith cláraithe do CBL agus Foirm RCT reatha nó deimhniú imréitigh cánach reatha ó na Coimisinéirí loncaim a bheith aige/aici chun tabhaint faoi na hoibreacha.**

### Íocaíocht a Éileamh

**9.1 Ar na hoibreacha a bheith críochnaithe, is féidir leis an iarratasóir íocaíocht an deontais a éileamh tríd an deimhniú atá sa Deimhniú ar Chead Sealadach a shíniú, agus é a chur ar ais chuig an údarás áitiúil, chomh maith le hadmhálacha i ndáil le hoibreacha cálitheacha.**

### An Deontas a lóc

**10.1 Tar éis éileamh ar íocaíocht a fháil, déanfaidh an t-údarás áitiúil cigireacht ar na hoibreacha lena chinntiú -**

**(a) gur tugadh faoi na hoibreacha a beartaíodh san iarratas agus gur cuireadh i gcrích iad go sásúil, agus**

**(b) gur cuireadh soláthar uisce atá sásúil ó thaobh caighdeán agus cainníocht araon ar fáil.**

**Chomh luath agus a chinnfear é sin, íocfar an deontas.**

**10.2 Sa chás go bhfuil an t-údarás áitiúil den tuairim nár tugadh faoi na hoibreacha de réir an iarratais, nó nár cuireadh i gcrích iad go sásúil, féadfaidh an t-údarás –**

**(a) costas ceadaithe athbhreithnithe a cheapadh,**

**(b) íocaíocht an deontais a choimeád siar go dtí go ndéanfadh an t-iarratasóir na leasuithe sin ar na hoibreacha reatha nó na hoibreacha breise a d'fhéadfadh an t-údarás a chur in iúl.**

**10.3 Sa chás go bhfuil an t-údarás áitiúil den tuairim go bhfuil fíorchostas na n-oibreacha cálitheacha níos lú ná an costas ceadaithe, cinnfear costas ceadaithe athbhreithnithe.**

## Carrying out of works

**8.1 After receipt of a Certificate of Provisional Approval, the works concerned may commence. The works must be carried out by a contractor registered for VAT who holds a current RCT Form or tax clearance certificate from the Revenue Commissioners.**

### Claiming Payment

**9.1 On completion of the works, payment of grant may be claimed by the applicant by signing the declaration incorporated in the Certificate of Provisional Approval, and returning it together with receipts in respect of qualifying works to the local authority.**

### Payment of Grant

**10.1 Following receipt of a claim for payment, the local authority will carry out an inspection of the works to establish that -**

**(a) the works proposed in the application have been satisfactorily undertaken and completed, and**

**(b) a water supply which is satisfactory in both quality and quantity has been provided.**

**Once this is established, the grant will be paid.**

**10.2 Where the local authority is of the opinion that the works have not been undertaken in accordance with the application, or have not been satisfactorily completed, the authority may -**

**(a) determine a revised approved cost,**

**(b) withhold payment of the grant until the applicant carries out such alterations to the existing works or such additional works as may be notified by the authority.**

**10.3 Where the local authority is of the opinion that the actual cost of the qualifying works is less than the approved cost, a revised approved cost will be determined.**

## Riarachán agus Tosú

**11.1 Tá an scéim á riadaradh ag gach comhairle contae.**  
 Is faoin gcomhairle contae ábhartha (dá dtagraítear sa mheabhrán seo mar “an t-údarás áitiúil”) é gach ceist a bhaineann le cur i bhfeidhm na scéime ó lá go lá, lena n-áirítear déileáil le fiosrúcháin, iarratais agus iocaiochtai.

### Iarratais

**12.1 Ní mór iarratas ar dheontas faoin scéim seo a dhéanamh chuig údarás áitiúil ar Fhoirm WG1 agus ba chóir mapa láthair suímh an tí a chur san áireamh.**  
**Sa chás go bhfuil nádúr agus méid na n-oibreacha beartaithe ar eolas go cruinn an tráth a dhéantar an t-iarratas, ba chóir tuairisc mhionsonraithe ar na hoibreacha beartaithe a chur ar fáil freisin.**

### Deontais Bhreise

**Ní féidir deontais bhreise a íoc laistigh de 7 bliana ó íocadh deontas, beag beann ar an méid a íocadh ar dtús.**

## Administration and Commencement

11.1 The scheme is being administered by each county council. All issues relating to the day-to-day operation of the scheme, including dealing with enquiries, applications and payments, are a matter for the relevant county council (referred to in this memorandum as the “local authority”).

### Applications

12.1 An application for a grant under this scheme must be made to a local authority on Form WG1 and should be accompanied by a site location map of the house concerned. Where the exact nature and extent of the proposed works are known at the time of making an application, a detailed description of the proposed works should also be provided.

### Further Grants

Further grants can not be paid within 7 years of payment of a grant regardless of the amount paid initially.

<b>Seol an fhoirm ar ais chuig:</b> <b>Rannóg na Seirbhísí Uisce</b> <b>Comhairle Chontae na Gaillimhe</b> <b>Áras an Chontae</b> <b>Cnoc na Radharc</b> <b>Gaillimh</b>	<b>Return to:</b> Water Services Department Galway County Council Áras an Chontae Prospect Hill Galway	<b>Tel (091) 509505</b> <b>Fax (091) 769590</b> <a href="mailto:water@galwaycoco.ie">water@galwaycoco.ie</a> <a href="http://www.gaillimh.ie">www.gaillimh.ie</a> <a href="http://www.galway.ie">www.galway.ie</a>
---	---	--